


SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

BEARTAS SPÓRT ÉIREANN MAIDIR LEIS AN

# OBAIR DHEONACH SA SPÓRT
















| Rialú Leaganacha | | |
|---|---|---|
| **SIPOL06** | **Beartas Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt** | |
| **LEAGAN UIMH.** | **DÁTA** | **STÁDAS** |
| V1.0 | Bealtaine 2023 | Arna cheadú ag Bord Spórt Éireann. |




KRSP
Kilkenny Recreation & Sport Partnership


BADMINTON IRELAND
LEINSTER BALDOYLE BADMINTON CENTRE


IRISH OPEN SWIMMING CHAMPIONSHIPS
IRISH OPEN SWIMMING CHAMPIONSHIPS




Deirdre




KAON


SUPERVALU
ATHLETICS FEST
SuperValu
Real Food, Real People

Is é Spórt Éireann an t-údarás reachtúil atá freagrach as infheistíocht dhíreach a threorú, a mholadh agus a sholáthar leis an spórt in Éirinn a fhorbairt. Is é an fhís atá ag Spórt Éireann ná Éire ghníomhach ina bhféadfaidh gach duine taitneamh a bhaint as na buntáistí ar feadh an tsaoil a bhaineann leis an spórt agus le gníomhaíocht coirp.

Is é is aidhm do Spórt Éireann ceannaireacht a thabhairt san earnáil, fís agus ardchaighdeán á léiriú, taobh le próisis, córais agus struchtúir forbartha spóirt na heagraíochta agus in Éirinn a fhorbairt, a fheabhsú agus a leasú níos mó. Is é an toradh a bheidh air sin ná go mbeidh an éagsúlacht agus an ionchuimsitheacht ríthábhachtach sa spórt. Beidh deis infheicthe, inacmhainne agus inoiriúnaithe ag gach duine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt – rud a dhéanfaidh siad – gan beann ar aois, inscne, míchumas, eitneacht nó cúinsí sóisialta an duine. Bainfear amach sna spriocanna i mBeartas Náisiúnta Spóirt an Rialtais dá réir.

Agus na spriocanna ón mBeartas Náisiúnta Spóirt ó thaobh rannpháirtíochta de á meas, beidh méadú ar an líon daoine a bheidh páirteach go gníomhach sa spórt. Beidh feabhas ar an réimse deiseanna a mbeidh teacht ag daoine orthu páirt a ghlacadh sa spórt, ar an líon daoine a ghlacfaidh páirt ann, agus ar chomh furasta a bheidh sé ag daoine spórt a dhéanamh. Agus iad páirteach sa spórt, beidh gach spreagadh ag rannpháirtithe leanúint ar aghaidh agus iad páirteach ann, bíodh sé sin mar imreoirí nó i gceann de na róil tacaíochta a bheadh ar fáil, cuir i gcás bainistíocht, ceannaireacht, cóitseáil agus réiteoireacht. Róil iad sin atá deonach, a bhfuil meas orthu agus a ndéantar infheistíocht iontu.

# RÉAMHRÁ

Tá an Beartas seo maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt forbartha ag Spórt Éireann chun bheith mar argóint láidir stuama ar son obair dheonach sa spórt in Éirinn agus chun teacht ar thionscnaimh agus ar bheartais le go mbeidh an earnáil spóirt in ann fuascailtí soiléire sonraíbhunaithe fianaisebhunaithe a úsáid chun tabhairt faoi na dúshláin a bheidh ann.

Sa bheartas seo, cuirfear cultúr an cheiliúrtha chun cinn. Aithnítear ann an méid a chuireann oibrithe deonacha leis an spórt, méid atá tábhachtach agus suntasach, agus déanfar an obair dheonach a fhí isteach mar ghnáthchuid de shaol an uile lae in Éirinn.

Is é is aidhm do Spórt Éireann ceannaireacht a thabhairt san earnáil, fís agus ardchaighdeán á léiriú, taobh le próisis, córais agus struchtúir forbartha spóirt na heagraíochta agus in Éirinn a fhorbairt, a fheabhsú agus a leasú níos mó.

Tá sé fíorthábhachtach go mbeidh Spórt Éireann ag obair go comhoibríoch le tacaíocht a thabhairt chun inbhuanaitheacht agus éifeachtacht a fhorbairt sna ceanneagraíochtaí rialaithe náisiúnta, sna comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt agus i gcomhpháirtíochtaí eile le go leanfar ar aghaidh leis an bhfás ar an gcóras spóirt go ginearálta. Tá an obair dheonach mar chuid shuntasach d’earnáil láidir spóirt faoi rath agus bláth.

Mar bhonn faoin mBeartas seo ar an Obair Dheonach sa Spórt beidh éiteas láidir Spórt Éireann i leith na hionchuimsitheachta agus na héagsúlachta. Déanfar a dheimhniú go dtuigfidh gach duine sa tsochaí go bhfuil ról ann dóibh mar oibrí deonach sa spórt agus go mbeidh fáilte rompu agus tacaíocht ann dóibh a leithéid a dhéanamh.

De réir Mhonatóir Spóirt na hÉireann (ISM) 2022, tá 370,000 oibrí deonach rialta ag obair leis an 12,000 club spóirt sa tír a choinneáil ag imeacht agus leis an 1.26 milliún baill iontu a choinneáil páirteach agus gníomhach.

Mar chuid den Straitéis Náisiúnta ar Obair Dheonach[1], agus i gcéim an chomhairliúcháin, fuarthas amach gur rud an-phearsanta atá san obair dheonach. Má bhíonn am dearfach ag an duine, cuirfidh sé sin le folláine an duine sin. Ceann de na torthaí a bhíonn ar an obair dheonach ar feadh an tsaoil ná go mbíonn an pobal atá ag dul anonn in aois páirteach agus in ann a scileanna a úsáid. Chomh maith leis sin, téann sé i ngleic leis an uaigneas i measc daoine níos sine toisc go mbíonn ceangal ann idir iad féin agus a bpobal.

Tugann an obair dheonach deis do dhaoine óga scileanna a fhorbairt chun deiseanna fostaíochta a oscailt dóibh. Ar a bharr sin, cuirtear modh ar fáil san obair dheonach muintearas a chothú agus a chaomhnú i bpobail, gan beann ar eitneacht, inscne, creideamh, míchumas, aois, gnéaschlaonadh nó cine, le go mbeidh nasc ann idir daoine agus an áit a bhfuil cónaí orthu.



1 https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/100239/8e18fb45-6e72-47f9-a1fb-7dcd59105c1a.pdf#page=null



# ÁR bhFÍS

An fhís atá againn i Spórt Éireann ná go mbeidh earnáil spóirt againn ina mbeidh an cultúr deonach is fearr ar domhan le fáil.





# ÁR MISEAN

Cultúr a chothú ina mbeidh meas, urraim, cosaint agus tacaíocht ann don obair dheonach sa dóigh is go mbeidh daoine ó gach cúlra agus ar gach céim den saol in ann a gcion a dhéanamh le gach leas a bhaint as na deiseanna san obair dheonach ionas go mbeidh pobal níos fearr, níos bríomhaire, níos ionchuimsithí agus níos éagsúlaí againn.

# AN TORADH BEARTAITHE



Leis an doiciméad beartais seo, déanfar forbairt na hoibre deonaí sa spórt in Éirinn a spreagadh agus a threorú feasta ar bhonn leanúnach. Cuirfear ar a gcumas do dhaoine páirt a ghlacadh mar oibrithe deonacha sa spórt gan beann ar aois, cúlra, eitneacht nó míchumas, agus beidh siad in ann a scileanna agus a saineolas a úsáid chun cuidiú le daoine eile barr a gcumais a bhaint amach trí mheán an spóirt.


VIP
Special Appreciation Award
2018

# AN PRÓISEAS FORBARTHA BEARTAIS

In 2021, chuir Spórt Éireann tús leis an bpróiseas chun tuiscint níos fearr a fháil ar na deiseanna agus na fadhbanna atá le fáil san obair dheonach sa spórt in Éirinn. Chuaigh Spórt Éireann i mbun plé in 2022 le páirtithe leasmhara éagsúla agus chuir tuarascáil chuimsitheach le chéile mar thacaíocht agus an beartas seo á fhorbairt.

**Bhí na gnéithe seo a leanas mar chuid den phróiseas forbartha beartais: :**

- Athbhreithniú leathan córasach ar bheartas, lena n-áirítear measúnú agus anailís a dhéanamh ar thréithe, inspreagadh, gníomhaíochtaí, buntáistí, torthaí, dúshláin agus constaicí faoi mar a bhaineann le hoibrithe deonacha.
- Sraith de chomhchainteanna agus plé i gceardlanna le príomh-chomhpháirtithe straitéise agus soláthair.

## DREAMANNA A BHÍ MAR CHUID DEN PHLÉ

## RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA

### Plé i bhFócasghrúpaí

**I ngrúpaí beaga a rinneadh é**
**Plé modhnaithe le príomhpháirtithe leasmhara le sonraí cáilíochtúla a thabhairt**

- Oibrithe deonacha reatha
- Oibrithe deonacha roimhe seo
- Oibrithe deonacha amach anseo
- Ceannairí oibrithe deonacha
- Cóitseálaithe, lúthchleasaithe agus riarthóirí spóirt

### Agallaimh mhionsonraithe

**Duine le duine**
**Faightear sonraí luachmhara cáilíochtúla as**

- Míchumas Gníomhach Éireann
- Aostacht agus Deiseanna
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- Cónaidhm Spóirt na hÉireann
- Foróige
- Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt
- Ceanneagraíochtaí Rialaithe Náisiúnta
- Spórt Éireann
- Obair Dheonach Éireann

### Suirbhé / Ceistneoir

**Ar líne, fón, duine le duine**
**Faightear sonraí cainníochtúla an-luachmhar as**

- Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt
- Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt
- Comhlachtaí maoinithe eile
- Institiúidí Ardoideachais
- Gnóthais bheaga agus mheánmhéide spóirt

## TORTHAÍ ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Tugadh faoi chomhairliúchán forleathan le léargas iomlán a fháil ar an gcuma atá ar an obair dheonach sa spórt in Éirinn. Mar chuid den taighde seo bhí agallaimh mhionsonraithe duine le duine, fócasghrúpaí agus suirbhé ina bhfuarthas 522 freagra ón earnáil spóirt trí chéile. Ina measc siúd a ndeachthas i gcomhairle leo bhí ceanneagraíochtaí rialaithe náisiúnta, comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt, ceannairí spóirt, oibrithe deonacha reatha agus roimhe, lúthchleasaithe, cóitseálaithe, riarthóirí, ranna Rialtais, agus gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla a bhaineann leis an obair dheonach i réimsí eile seachas an spórt.

**Fuarthas amach an méid seo a leanas sa phróiseas comhairliúcháin seo:**

- Nach bhfaigheann an obair dheonach agus oibrithe deonacha aitheantas ceart go minic.
- Bacainní casta iad siúd a bhaineann le daoine a earcú agus a choimeád.
- Faigheann daoine seans rud éigin a thabhairt ar ais do spórt san obair dheonach.
- Bíonn clubanna ag brath go mór ar ghrúpa lárnach atá ag obair go deonach le fada.
- Bíonn daoine bródúil astu féin ina gclub agus ina bpobal mar gheall ar an obair dheonach.
- Rud inmhianaithe ná éagsúlacht a bheith ann i measc oibrithe deonacha ach is deacair é sin a bhaint amach.

## NA HOIBRITHE DEONACHA FÉIN

"Mairfidh an club a bhfuil éagsúlacht ann, ach is doiligh a leithéid a bhaint amach in amanna"

"Is furasta buíochas a ghabháil le daoine – ach caithfidh bunús a bheith leis. Baineann sé le haitheantas a thabhairt do dhaoine."

"An rud is tábhachtaí ná an t-oibrí deonach ceart a fháil don ról ceart agus tacaíocht chuí a thabhairt don duine sin."

"Déanaim obair dheonach le go mbeidh na deiseanna a bhí agamsa ag mo pháistí."

"An ceangal idir daoine a earcú agus a choinneáil ná an t-oideachas, oiliúint agus tacaíocht."

"Is breá liom rud éigin a thabhairt ar ais don spórt seo agamsa."

"Is aoibhinn liom an obair dheonach,Táim mar chuid de rud éigin agus tá an oiread sin nasc forbartha agam."

"Tá daoine ann ó chúlraí nó pobail áirithe a mhothaíonn nach bhfuil baint acu leis an tsochaí agus má tá tú ag dul a dhéanamh obair dheonach, caithfidh tú a bheith ag mothú go bhfuil baint agat leis an tsochaí nó pobal ina bhfuil cónaí ort."

"Táim bródúil asam féin i mo chlub agus sa phobal mar gheall ar an obair dheonach."

"Bíonn clubanna ag brath barraíocht ar an ngrúpa lárnach atá ann le fada."


"Níl duine ar bith i gclub spóirt nach ndéanann ach rud amháin; deich rud a dhéanann siad. Tá sé sin go breá, ach nuair is gá daoine eile a fháil ina n-áit, nuair a imeoidh siad, cé a thiocfaidh ina ndiaidh?"

# AN STAID REATHA

Thug Monatóir Spóirt na hÉireann (ISM 2019, 2021, 2022 staitisticí agus tuairimí maidir le stádas reatha na leibhéal den obair dheonach sa spórt.

Sular tháinig paindéim Covid-19, bhí 12% de dhaoine fásta in Éirinn ag obair go deonach sa spórt (ISM 2019). D'éirigh an ráta seo chomh híseal le 2% acu sa chéad ráithe de 2021 nuair a bhí na srianta sóisialta riachtanacha mar gheall ar Covid-19 ar an leibhéal ab airde.

Cé go bhfuil ardú tagtha ar an líon sin de réir a chéile, d'fhan an leibhéal den obair dheonach in 2022 ar leibhéal a bhí go suntasach ní b'ísle ná na leibhéil sular tháinig an phaindéim, agus 9% acu a bhí ann in 2022 (ISM 2022). Go bunúsach, d'fhéadfá a rá nár tháinig duine amháin as gach ceathrar aosach ar ais a bhíodh ag obair go deonach i gclub roimh an bpaindéim.






Tháinig athrú ar aoiseanna na ndaoine a dhéanann obair dheonach in aimsir Covid-19. Sular tháinig an phaindéim, bhí daoine ar aois 45-54 bliain ina measc siúd ba mhinice a dhéanfadh obair dheonach (20% acu bunaithe ar ISM 2019). Tháinig laghdú ar an ráta sin go 11% le linn na paindéime (ISM 2021). Ar an dea-uair, tá ráta na hoibre deonaí san aoisghrúpa seo feabhsaithe arís gur 16% acu a bhí ann in 2022. Bhí titim mar an gcéanna ar na rátaí don obair dheonach ina measc siúd 35-44 bliain d'aois le linn na paindéime, ó 16% acu in 2019 go 11% acu in 2021. Ar an drochuair, níl an t-aoisghrúpa seo tar éis teacht ar ais chomh maith céanna (13% acu in 2022), agus tá píosa fós le dul acu sula mbeidh siad ar an leibhéal céanna agus a bhí sular tháinig an phaindéim.


Tá an chóitseáil fós ar an ról is coitianta a dhéanann oibrithe deonacha go mór agus fada agus 40% acu siúd a dhéanann obair dheonach i ról mar chóitseálaí nó bainisteoir. Cineálacha eile d'obair dheonach atá ann ná modh iompair a sholáthar, feidhmiú mar oifigeach club/ceanneagraíochta náisiúnta agus gníomhaíochtaí spóirt a eagrú.




Boird dheonacha a dhéanann an earnáil spóirt in Éirinn a reáchtáil agus iad ag feidhmiú i gcultúr atá ag éirí níos deacra i rith an ama. Tá caighdeáin an rialachais a theastaíonn ag éirí níos airde gach bliain. Caithfear tacaíocht scilbhunaithe a chur ar fáil mar bhonn faoin obair dheonach sin ionas go mbeidh Boird, grúpaí bainistíochta agus coistí in ann daoine eile a thabhairt isteach agus na leibhéil is airde a bhaint amach san earnáil.

Tá dúshláin ag baint lena leithéid a dhéanamh, mar shampla sochaí atá gann ar am agus an easpa éagsúlachta atá ann faoi láthair ina measc siúd a dhéanann obair dheonach, rud a chuireann as do dhaoine ó éagsúlacht cúlraí agus cúlraí tearcionadaithe iad féin a chur chun tosaigh mar oibrithe deonacha.

## OBAIR DHEONACH DE RÉIR




## OBAIR DHEONACH DE RÉIR AOISE



In ainneoin na ndúshlán romhainn, is iomaí deis atá ann. Tá an 12,000 club spóirt in Éirinn, na ceanneagraíochtaí rialaithe náisiúnta agus an líonra comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt an-oiriúnach agus réidh le hoibrithe deonacha a earcú, a aithint agus a choinneáil. San am céanna, beidh siad in ann an líon oibrithe deonacha ó ghrúpaí tearcionadaithe a mhéadú agus béim ar leith a chur ar dhéagóirí agus daoine fásta níos sine a mhealladh. D'fhéadfadh a leithéid fuinneamh úrnua a chur isteach i gcroí na hoibre deonaí.

Is tábhachtach a aithint gur ar bhonn deonach a dhéanann daoine cóitseáil agus maoirseacht sa chuid is mó de chásanna. Mar sin, is gá cláir thacaíochta agus oiliúna a chur ar bun ionas gur gníomhaíocht fhiúntach, shásúil agus shábháilte do chách atá san obair dheonach.

Tá neart ceanneagraíochtaí rialaithe náisiúnta tar éis a bheith réamhghníomhach sa ghort seo agus cóid iompair i bhfeidhm acu taobh le pionóis a ghearradh ar dhaoine má fhaightear amach go bhfuil siad ag caitheamh go maslach le himreoirí, oifigigh nó réiteoirí.

Tá sé seo tábhachtach toisc gur gá an ghné dheonach den spórt in Éirinn a chosaint. Ar thaobh amháin, is éard atá san obair dheonach ná ionchur neamh-airgeadais chun tacú leis an spórt agus gníomh-aíocht coirp. Ar an taobh eile, toradh atá ann i dtaca leis an luach neamh-mhargaidh a ghintear d'eagraíochtaí spóirt a úsáideann daoine deonacha.








bodibro
LGFA




SWIM IRELAND
arena
SWIM IRELAND
SWIM IRELAND
arena
SWISS TIMING








TULLOW RFC
TULLOW RFC
TULLOW RFC
TULLOW RFC
AVIVA




HH










# TAITHÍ MAR OIBRÍ DEONACH

Tá nithe áirithe ann atá ríthábhachtach lena dheimhniú gur rud dearfach fiúntach a bheidh san obair dheonach don oibrí deonach féin, don chlub agus don phobal.





Deirdre
VISION
SPORTS
IRELAND

# CUSPÓIRÍ AN BHEARTAIS

Tá ceithre réimse aitheanta ag Spórt Éireann chun na gealltanais sa bheartas seo a bhaint amach, an méid sin bunaithe ar an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, beartais náisiúnta aitheanta agus taighde náisiúnta.

Chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na spriocréimsí sin, tá Sport Éireann ag díriú ar na cuspóirí a tugadh do gach ceann a bhaint amach.




adidas
MONKSTOWN
Boxing Club
Centra

# Aitheantas d'Oibrithe Deonacha agus Meas orthu

## CUSPÓIRÍ:

- Infheictheacht, aitheantas agus íomhá oibrithe deonacha a mhéadú.
- An cultúr deonach a threisiú in Éirinn.

## BEARTA:

- Cultúr a chothú ina ndéantar an dea-chleachtas a scaipeadh i gcreat aitheantais agus luacha le haghaidh oibrithe deonacha ar féidir le gach ceanneagraíocht spóirt é a chur in oiriúint de réir mar is cuí.
- An tábhacht a bhaineann leis an obair dheonach i ngach céim den saol a fhréamhú agus a neadú i mbeartas náisiúnta spóirt chun an cultúr deonach a láidriú in Éirinn.
- Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don obair dheonach sa spóirt agus ábhar spéisiúil tarraingteach ann.
- Tacaíocht a thabhairt go leanúnach do na Gradaim le haghaidh Oibrithe Deonacha sa Spórt agus iad a chur chun cinn.
- Meitheal maidir le Meas ar Oifigigh a chur ar bun.



# Oibrithe Deonacha a choinneáil agus Obair Dheonach ar feadh an tSaoil a spreagadh

## CUSPÓIRÍ:

- Feasacht agus tuiscint daoine a fhorbairt faoin bhfiúntas agus na buntáistí a bhaineann leis an obair dheonach sa spórt.
- An earnáil spóirt a ghríosú chun leas a bhaint as cleachtais nuálacha le hoibrithe deonacha a chúiteamh as a saothar.

## BEARTA:

- Leanúint ar aghaidh le hoiliúint a chur ar fáil san earnáil chun inniúlachtaí a fhorbairt níos mó, béim ar leith ar an obair le hoibrithe deonacha agus dea-chultúr a chothú sa chlub.
- Dul i mbun plé le heagraíochtaí agus grúpaí a bhaineann go sonrach le daoine fásta atá scothaosta le feasacht a fhorbairt agus deiseanna d'oibrithe deonacha a chothú.
- Dea-thorthaí a bhaineann leis an obair dheonach a chur chun cinn, cuir i gcás muintearas, rud éigin a thabhairt ar ais agus an sochar pearsanta.
- Meitheal nuálaíochta d'oibrithe deonacha a chruthú ionas gur féidir treoirthionscadail a chur ar bun chun oibrithe deonacha a choimeád oiread agus is féidir.



# Oibrithe Deonacha a Earcú agus an Líon a Fhás



## CUSPÓIRÍ:

- Bealaí isteach san obair dheonach a fhorbairt bunaithe ar chomhar idir cineálacha éagsúla spóirt.
- An rannpháirtíocht san obair dheonach a mhéadú i ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht, cuir i gcás mná, déagóirí agus daoine fásta atá níos sine.

## BEARTA:

- Múnlaí dea-chleachtais a bhaineann le deiseanna deonacha in-oiriúnaithe agus freagrúla a mheas agus a scaipeadh agus tús áite á thabhairt do thionscnaimh a bhaineann le hoibrithe deonacha a mhealladh  ar ais arís agus róil sholúbtha.
- Tacú leis an earnáil straitéisí earcaíochta agus bainistíochta saincheaptha d'oibrithe deonacha a fhorbairt agus béim ar leith ann ar an teagmháil le mná, déagóirí agus daoine scothaosta.
- An earnáil spóirt a chur chun cinn sa saol corparáideach mar rogha tharraingteach. Tionscnaimh um fhreagracht shóisialta chorparái deach chun tacú le fostaithe a dhéanann obair dheonach sa spórt.
- Acmhainn a chruthú ar Éirigh Gníomhach in Éirinn ar an ardán iVol ó Obair Dheonach Éireann, áit a mbeidh ceanneagraíochtaí rialaithe náisiúnta, comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt agus clubanna ábalta folúntais faoi choinne oibrithe deonacha a fhógairt chomh maith le hoibrithe deonacha a chuardach ina n-ionaid áitiúla féin.

# Éagsúlacht i measc Oibrithe Deonacha

## CUSPÓIRÍ:

- Tacaíocht a thabhairt d'fhonn an líon oibrithe deonacha a mhéadú ionas go dtabharfar léargas ceart ar an éagsúlacht sa tsochaí in Éirinn.
- Tacaíocht a thabhairt don earnáil le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a thuiscint agus bealaí a fhoghlaim le bheith níos ionchuimsithí.

## BEARTA:

- Deiseanna deonacha a chur chun cinn trí mhodhanna atá dírithe ar mhná, daoine scothaosta agus daoine ó chúlraí éagsúla.
- Teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí agus príomhghrúpaí abhcóideachta chun feasacht a ardú agus obair dheonach a spreagadh.
- Meascán éagsúil ionchuimsitheach d'oibrithe deonacha a chur os comhair an phobail mar pháirt den phlean cumarsáide.
- Oiliúint ar chúrsaí comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a chur ar fáil san earnáil agus ábhar tacaíochta cuí a sholáthar.



# ÁR nGNÍOMHARTHA

Glacfaidh Spórt Éireann gníomhartha áirithe chun tabhairt faoi na spriocréimsí agus chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach.





1 **Infheistíocht a dhéanamh sna ceanneagraíochtaí náisiúnta rialaithe, comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt agus comhlachtaí maoinithe** chun an taithí mar oibrí deonach a dhéanamh níos taitneamhaí, níos tarraingtí agus níos fiúntaí.

2 **Acmhainní** a chur ar fáil do róil ghairmiúla ar fud na hearnála spóirt a bheidh dírithe ar an tacaíocht d'oibrithe deonacha ar a n-aistear.

3 **Meitheal um Obair Dheonach sa Spórt a chur ar bun** chun feidhmiú mar ghrúpa ceannaireachta le maoirseacht a dhéanamh agus an beartas á chur i bhfeidhm. Is ar Spórt Éireann a bheidh an cúram an beartas a chur i ngníomh.

4 **Acmhainn Dhigiteach don Obair Dheonach sa Spórt a chruthú** ina dtabharfar le chéile deiseanna foghlama agus forbartha, chomh maith le teimpléid dea-chleachtais a sholáthar a mbeidh an earnáil in ann iad a oiriúnú.


14
3


AIG






ARKANSAS
Track & Field







Pinergy
ORWELL

CYCLING IRELAND





KILDARE
Kildare




YONEX










1027
1025
1023
1016
1035
1020






ZuCar





BAINISTEOIR


oneills




BADMINTON IRELAND
Toilets & Changing

Volleyball Ireland


















KARATE1 PREMIER LEAGUE
AKA
KARATE FOR LIFE
DUBLIN






















# Focal buíochais

Ba mhaith le Spórt Éireann an deis seo a thapú agus buíochas ó chroí a ghabháil leis na hoibrithe deonacha atá ag cur le saol an spóirt ar fud an domhain. Míle buíochas as bhur ndíograis agus as bhur ndúthracht, laochra cearta ar son an spóirt sibh.

Lena chois sin, ba mhaith le Spórt Éireann buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach leis an doiciméad beartais seo a fhorbairt.  Próiseas casta dúshlánach atá sa phróiseas le beartas a dhréachtú. Is mar thoradh ar iarrachtaí i gcomhar a chéile a d'éirigh le Spórt Éireann beartas a fhorbairt a chuirfidh go dearfach leis an obair dheonach in Éirinn.

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

www.sportireland.ie
@sportireland